

N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha
(Baile Bhuirne go Cúil Chomhair)

Ráiteas Tionchar Timpeallachta
Imleabhar 1: Achoimre Neamhtheicniúil
Deireadh Fómhair 2009



Cork County Council
Comhairle Chontae Chorcaí



N22 Baile Bhúirne - Maigh Chromtha

(Baile Bhúirne go Cúil Chomhair)

Ráiteas Tionchair Timpeallachta
Imleabhar 1: Achoimre Neamhtheicniúil

Teidil doiciméad:	Ráiteas Tionchair Timpeallachta
Tagairt doiciméad:	NE02426/R9/1

Dáta	Atheagrú	Stádas	Tionscnóir	Seiceáilte	Formheasta
Deireadh Fómhair 2009	R9	Final	LC	TC	TC
			<i>LC</i>	<i>TC</i>	<i>TC</i>

D'ullmhaíodh an tuarascáil seo do Chomhairle Chontae Chorcaí i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha um cheapachán seirbhísí innealtóireachta comhairlí maidir le togra beartaithe bóithre náisiúnta an N22 idir Baile Bhúirne agus Maigh Chromtha (Baile Bhúirne go Cúil Chomhair). Ní féidir le Comhairleoirí McCarthy Hyder aon fhreagracht a ghlacadh as úsáid ar bith a bhainfeadh tríú páirtí as ábhar na tuarascála seo nó as aon iontaobh a chuirfeadh sé ann.

Comhairle Chontae
Chorcaí
Halla an Chontae
Corcaigh

Comhairleoirí McCarthy
Hyder
Páirc Oifigí an Gharráin
Chnó
Ráth Fearnáin
Baile Átha Cliath 16

1**Réamhrá**

1.1 Ginearálta

Seo é Achoimre Neamhtheicniúil (NTS) an eolais atá sa Ráiteas Tionchar Timpeallachta (RTT) don fhorbairt bóthair atá beartaithe, an N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha (Baile Bhuirne go Cúil Chomhair). Tá an Achoimre Neamhtheicniúil seo roinnte sna coda seo a leanas:

- Réamhrá
- Cuntas ar an bhforbairt bóthair
- Tionchar na forbartha bóthair
- An Bealach Chun Cinn

Tá sé réitithe ag na Comhairleoirí McCarthy Hyder ar son Chomhairle Contae Chorcaí agus i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Léiríonn doiciméid an RTT tionchar na forbartha bóthair ar an timpeallacht má théann sé chun cinn. Áirithe anseo tá na tionchair a bheadh aige ar:

- Phleanáil
- an Socheacnamaíocht
- an Talamh talmhaíochta
- an Tírdhreach agus Aeistéitic
- an gCaighdeán agus Draenáil Uisce Dromchla
- an Éiceolaíocht (flóra, fána agus iascach)
- an Oidhreacht Chultúrtha
- an gCaighdeán Aeir
- an Torann agus Creathadh
- an Talamhúsáid Neamhthalmhaíochta agus Conláistí
- an nGeolaíocht
- an Hidrigeolaíocht
- an Idirghaol

1.2 An Gá le Ráiteas Tionchar Timpeallachta

Ullmháíodh an RTT de réir na reachtaíochta cuí náisiúnta agus Eorpach a bhaineann le forbairt bóithre agus freisin don mheasúnú tionchar a bheadh ag tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an timpeallacht. Le linn don RTT a bheith dá ullmhú, breathnaíodh freisin ar na Treoirlínte ábhartha, ag áireamh Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal Bóithre Náisiúnta, agus Treoirlínte um Phleanáil Comhshaoil agus Treoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil faoin Eolas atá ceaptha a bheith sna Ráitis Tionchar Timpeallachta (Márta 2002) agus ar Nótaí Comhairleacha faoi Chleachtas reatha (d'ullmhú Ráitis Tionchar Timpeallachta) (Meán Fómhair 2003).

1.3 Comhairliúchán Poiblí

Ullmháíodh an RTT tar éis bheith i gcomhairle le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, maraon le grúpaí leasa áitiúla agus leis an bpobal. Bhí comhairliúchán ann trí gach céim den fhorbairt bóthair ón am ar aithníodh srianta timpeallachta go dtí gur roghnaíodh an rogha conair bealaigh agus forbairt na forbartha bóthair. Ba é aidhm an chomhairliúcháin ná an pobal a chur ar an eolas faoi mhéid an Limistéir Staidéir agus na srianta a bhí aitheanta go dtí seo. Freisin bhíodhas ag iarraidh deis a thabhairt don phobal aon chúis inní nó spéise a bhí acu a chur san áireamh i bpleanáil agus i ndearadh na forbartha bóthair.

1.4 An N22 atá ann Cheana

Is Príomhbhóthar Náisiúnta é an N22 a shíneann ó Chathair Chorcaí go Trá Lí. Is bealach singil atá san N22 faoi láthair agus téann sé trí roinnt bailte agus sráidbhailte, ina measc, Maigh Chromtha, Baile Mhic Íre agus Baile Bhuirne. Tá crua-ghruanna agus ciumhaiseanna níos caoile ar pháisí den bhóthar. Bíonn brú tráchta agus plódú tráchta ar an N22 ag buaicuireanta. Tá go leor rochtain agus aomhail chomhréidh ar an N22 faoi láthair, nach bhfuil feiceáil rómhaith orthu ag tiománaithe. Níl mórán seans scoitheadh ar an mbealach mar gheall ar an tírdhreach, ar an leibhéal tráchta agus ar an méid cuair agus coirnéil atá ar an mbóthar.

1.5 Aidhmeanna na Forbartha Bóthair

De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Iompar 21, is iad príomhaidhmeanna Scéim an N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha ná:

- Bóthar d'ardchaighdeán a sholáthar don bhealach straitéiseach seo.
- Príomhbhóthar a chur ar fáil le dóthain cumais agus an leibhéal seirbhíse riachtanach.
- Fáil réidh le caolais thráchta ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta rud a gheobhadh réidh le brú tráchta.
- Easpa sa chumas iompair a laghdú.
- Bóithre atá ann cheana a choinneáil don trácht áitiúil.
- Sábháilteacht a fheabhsú ar na bóithre atá ann cheana agus ag aomhail/rochtain.
- An t-achar ama a thógann turais fadraoin agus áitiúla a rialú agus a laghdú.
- Tionchair thimpeallachta agus shóisialta an N22 reatha a laghdú don lucht cónaithe áitiúil agus pobal áitiúil.

Chomh maith leis sin, tríd an bhforbairt bóthair

- soláthrófar infreastruchtúr iompair leordhóthaineach, a thacóidh le trádáil, tionscal, & fás eacnamaíoch ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
- Má fheabhsaítear caighdeán an ghréasán bóithre beifear níos cinnte den chóras iompar bóthair agus laghdófar brú tráchta agus an méid ama a thógann turais.
- Glanfar trácht náisiúnta as na bailte agus as na sráidbhailte atá le taobh an bhóthair rud a fheabhsóidh cúinsí maireachtála sna háiteanna seo. Chomh maith leis sin, laghdófar trácht ardluais agus truailliú torainn agus aeir sna pobail seo.
- Tiocfaidh laghdú ar bhás de bharr timpistí ar bhóithre.

1.6 Forbairt na Forbartha Bóthair

Coimisiúnaíodh na Comhairleoirí McCarthy Hyder i 2001 chun tús a chur le forbairt na forbartha bóthair le Staidéar Srianachta agus Staidéar ar Rogha Conair Bealaigh.

Le linn Staid an Staidéir Srianachta, bailíodh eolas faoi shrianta féideartha sa Limistéar Staidéir, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dheardh agus ar lonnú na forbartha bóthair. Sna staidéir tógadh san áireamh planáil, éiceolaíocht, tírdhreachú, oidhreacht chultúrtha, geolaíocht, caighdeán agus draenáil uisce dromchla agus talmhaíocht. Bhí comhairliúchán, iniúchtaí deisce agus cuairteanna suímh mar chuid de na staidéir.

Tar éis an obair a deineadh ar dtús ag an Staid Srianachta, forbraíodh roinnt conairí don bhealach agus aithníodh Rogha Conair Bealaigh bunaithe ar

mheasúnú ar fhachtóirí eacnamaíochta, innealtóireachta, timpeallachta agus oibríúcháin.

Anuas air seo, bhí Ceardlann Forbartha Roghanna Conair Bealaigh agus Comhairliúcháin Phoiblí ann i dtaca leis an rogha conair bealaigh agus mar thoradh orthu seo deineadh roinnt athlíniúcháin agus athruithe le theacht ar dhearadh na forbartha bóthair.

Breathnaíodh ar cheisteanna a hardaíodh ag Comhairliúcháin Phoiblí agus ag cruinnithe úinéirí talún ag gach céim den fhorbairt bóthair.

1.7 MTT na Forbartha Bóthair

Tá measúnú na dtionchar, tuar na dtionchar timpeallachta agus na bearta maolaithe atá beartaithe bunaithe ar dhearadh na forbartha bóthair. Déanfar cioradh agus forbairt ar an dearadh agus ar na bearta maolaithe timpeallachta le linn an staid mhionsonrach roimh an tógáil. Cinnteoidh riachtanais dhochta conartha agus dlúthmhaoirseacht go mbeidh an miondearadh, na bearta maolaithe timpeallachta san áireamh, ar an gcaighdeán cuí agus faoi réir na riachtanas atá leagtha síos sa RTT.

2 Cuntas ar an bhForbairt Bóthair

2.1 Forbhreathnú ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe

Faoi láthair is éard atá sa bhforbairt bóthair ná timpeall 22km débhealach le ceithre acomhal.

Tosaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe siar ó Bhaile Bhuirne, ag ceangal isteach leis an N22 atá ann faoi láthair. Leanann sé i dtreo an oirthir trasna Abha na Biochaille agus ansin trasna ó dheas den N22 atá anois ann i mbaile fearainn Chúil na Cathrach. Leanann sé air soir ansin ó dheas den N22 reatha nó go dtrasnaíonn sé, den dara babhta, an N22 reatha ag Carraig an Phúca. Ag leanúint ar aghaidh soir trasnaíonn sé An Fhothrais agus téann ó thuaidh de Mhaigh Chromtha. Trasnaíonn an fhorbairt bóthair An Láinne agus an Sulán ansin agus ceanglaíonn athuair leis an N22 reatha ó dheas de Mhaigh Chromtha, áit a nascann sé le timpeallán atá beartaithe ag Cúil Chomhair.

Áiríonn an Réamhdhearadh:

- Ceithre thrasbhealach droichead ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe: Abha na Biochaille, An Fhothrais, an Láinne agus an Sulán. Is struchtúir aonréiseacha a bheidh sna trasbhealaí droichead ag An Fhothrais agus An Láinne agus beidh a dtacaí siar 5m ó chiumhais na habhann. Tá sé beartaithe gur struchtúr dhá réise a bheidh sa trasbhealach ag An Sulán le cé lárnach i gcainéal na habhann. Struchtúr dhá réise a bheidh i dtrasbhealach na Biochaille agus ní bheidh aon tionchar aige ar chainéal na habhann. Beidh An Abha Gharbh ag dul ar mhalairt slí.
- Na trasbhealaí a bheidh sa bhforbairt bóthair atá beartaithe ná droichid bóithre agus droichid áise. Beidh na struchtúir seo i bhfoirm íosdroichid nó tardhroichid.
- Beidh na bóithre áise ina mbealach príobháideach le pointí rochtana a cheangal leis an ngréasán bóithre áitiúla.
- Déanfar soláthair do dhraenáil, comharthaí bóthair, soilsiú bóthair (ag na hacomhail amháin) de réir treoirlínte náisiúnta.

2.2 Trácht

Tá suirbhé tráchta maraon le tuar faoina leibhéil thráchta déanta don fhorbairt bóthair seo. Léiríonn teilgintí ar an sreabhadh tráchta go mbeidh an trácht ar an N22 reatha méadaithe faoin mbliain 2012 go dtí thart ar 15,500 feithicil sa lá, siar ó

Mhaigh Chromtha agus i mbaile Mhaigh Chromtha féin. Gan an fhorbairt bóthair agus gan aon fheabhsúchán ar an N22 reatha:

- Mhéadóidh moill na tráchta ar an mbóthar.
- Thiocfadh ardú ar chostas oibriúchán feithiclí mar gheall ar an moill.
- Mhéadóidh líon na dtimpistí bliantúla.
- De bharr méadú tráchta ar an N22 reatha, bheadh tionchar ag torann breise agus nithe eile ar phobail áitiúla.

Ar chríochnú na forbartha bóthair i 2012 beidh formhór na tráchta atá ar an N22 reatha ag dul ar an mbealach nua. Go ginearálta, beidh feabhas suntasach ar chaighdeán na timpeallachta sna bailte agus sna sráidbhailte. Beidh na leibhéil laghdaithe tráchta ina bhuntáiste do rothaithe agus do choisithe ach go háirithe. Ceaptar nuair a osclóidh an fhorbairt bóthair i 2012 go mbeidh laghdú mór ar shreabhadh tréthrachta i mBaile Bhuirne agus i mBaile Mhic Íre, rud a chruthóidh timpeallacht níos deise sna sráidbhailte seo. Feabhsóidh an laghdú tráchta i Maigh Chromtha suíomh an bhaile agus trácht ar an bpríomhsráid.

3 Tionchair na Forbartha Bóthair

3.1 Tógáil

Tá an fhorbairt bóthair ceaptha tosnú i 2010 ach cead a bheith faighte ón mBord Pleanála agus ó dhaoine eile agus ceaptar go seasfaidh sé dhá bhliain. Le linn na tréimhse seo, beidh tionchair dhearfacha ann don eacnamaíocht áitiúil ó thaobh fostaíochta agus úsáid ábhar agus áiseanna áitiúla. Cuirfear isteach go sealadach áfach ar phobail áitiúla mar gheall ar thógáil an bhóthair, ar nós gluaiseacht feithiclí tógála, rochtain chuig áitribh, torann agus creathadh ó innealra rle., ach beidh siad laghdaithe chomh mór agus is féidir trí bhacanna oibre a bheith mar choinníoll den Phlean Oibriúcháin Comhshaoil. Beidh an Plean Oibriúcháin Comhshaoil in áit ag an gconraitheoir sula dtosaítear ar an tógáil lena chinntiú go mbeidh deachleachtas ann i ngach cuid den obair agus chun an timpeallacht a shábháil. Is é an aidhm a bheidh ag an gconraitheoir ná a chinntiú nach dtarlaíonn truailliú ná sioltachán sna haibhneacha agus sruthanna ar a bhfuil trasbhealaí. Tá cuntas tugtha faoi thionchair eile a bhaineann leis na gníomhaíochta tógála sna réimsí ábhar ar leith seo a leanas.

3.2 Pleananna agus Polasaithe

Tá an fhorbairt bóthair ag teacht leis na straitéis náisiúnta agus áitiúla cuí. Áiríonn sé seo An Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 “Transforming Ireland, A Better Quality of Life for All”; An Straitéis Spásúlachta Náisiúnta d’Éirinn 2002-2020: “People, Places and Potential”; An Roinn Iompair – Ráiteas Straitéise 2005-2007; agus Iompar 21. Beidh tionchar dearfach ag an bhforbairt bóthair ar Pleananna agus Polasaithe.

3.3 Socheacnamaíocht

Is é príomhbhuntáiste na forbartha bóthair ná an inrochtaineacht mhéadaithe a thabharfaidh an scéim chuig an gceantar. Tiocfaidh méadú suntasach ar an gcumas d’fhorbairt eacnamaíochta breise, an turasóireacht san áireamh.

Tá Maigh Chromtha, Baile Bhuirne agus Baile Mhic Íre suite ar Phríomhbhóthar Náisiúnta N22. Tá impleachtaí anseo maidir le brú tráchta, plódú tráchta ag dul isteach chuig ceantair siopadóireachta agus áiteanna cónaithe, deacrachtaí seachadta, agus torann agus truailliú aeir.

De bharr go mbeidh laghdú ar bhrú tráchta ar an N22 reatha, beidh feabhas mór ar fhóntas cónaithe agus timpeallachta, ar chúrsaí sábháilteachta rud a chuideoidh le breis forbartha. Is dócha go mbeidh tionchar diúltach ag an bhforbairt bóthair

áfach ar ghnólachtaí atá ann cheana, ar nós stáisiúin bhreosla agus bialanna, a bhíonn ag brath go mór ar an trádáil a bhíonn ag dul an bealach. Teastóidh bearta maolaithe ar nós comharthaíocht bóithre chun na tionchair a theorannú. Beidh roinnt talún á thógáil as clós tarlaithe ag Acomhal An Ghoirtín Rua. Mionthionchar diúltach a bheidh anseo don obair. Ar an iomlán, tionchar socheacnamaíochta **Measartha Dearfach** a bheidh ann mar thoradh ar an bhforbairt bóthair.

3.4 Talamh Talmhaíochta

Beidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar 72 feirm. Is feirm déiríochta iad 12 acu seo, 54 acu ina bhfeirmeacha Beostoc Eile Féaraigh, feirm amháin (1) barraí measctha agus beostoc, agus 4 cinn rangaithe mar fheirmeacha eile (fiontair fhoraoiseachta, eachaíochta nó tógáil madraí). Is thart ar 182ha de thalamh talmhaíochta a theastaíonn do thógáil agus d'fheidhmiú na forbartha bóthair. Ní shin cailteanas mór ar leibhéal náisiúnta ná contae.

Tá eadarscaradh ag baint le daichead feirm (56% de na feirmeacha uilig le hais na forbartha bóthair atá beartaithe).

Beidh tionchair shealadacha ann le linn na tógála, ag áireamh torann agus dusta le linn gníomhaíochtaí úiroibreacha agus iompar ábhar. Pléfar athruithe a bheidh ar shocruithe rochtana le linn na hoibre leis an úinéir talún roimh ré. Sna háiteanna a gcaithfear fáil réidh leis an gcóras draenála páirce cuirfear ceann nua ina áit mar chuid den obair áise. B'fhéidir go gcuirfeadh oibreacha tógála as go sealadach d'fhoinsí uisce dromchla a úsáidtear do chríocha talmhaíochta. Tabharfar faoi bhearta maolaithe do na foinsí uisce dromchla. Má chuirtear as d'fhoinsé uisce le linn na tógála, cuirfear foinsé eile uisce ar fáil. Beidh bearta leagtha síos ag an gConraitheoir ionas nach scaipfear dusta agus gutach ar na bóithre poiblí.

Beidh idirchaidreamh idir an Conraitheoir agus na feirmeoirí le linn na hoibre, rud a laghdóidh deacrachtaí mar gheall ar rochtain shrianta chuig píosa talún eadarscartha.

Beidh rianta rochtana ann le go mbeidh rochtain ag úinéirí talún chuig an ngréasán áitiúil bóithre, rochtain idir píosaí talún atá eadarscartha ag an bhforbairt bóthair agus ní bheidh gá le rochtain dhíreach ar an bhforbairt bóthair féin. Cuirfear rianta rochtana ar fáil sna háiteanna a dteastaíonn siad chun pointí rochtana a nascadh leis an ngréasán áitiúil bóithre nó mar bhealach le dul trasna na príomhlíne. Gheofar píosaí beaga eile talamh eadarscartha agus talamhiata trí phróiseas an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh.

Tríd is tríd, beidh tionchar mór diúltach aige ar na feirmeacha a bheidh i gceist.

3.5 Tírdhreach agus Aeistéitic

Rachaidh an fhorbairt bóthair trí tírdhreach tuaithe ina bhfuil roinnt cnoic áitiúla, le fáil ina dtimpeall, lomáin charraigeacha, toim choillearnaí agus conair abha an Sullane. Tá cuid mhaith bóithríní caola agus taobh-bhóithre sa cheantar a cheanglaíonn lonnaíochtaí scaipthe. Sa staidéar seo, tá luach tírdhreacha Maith agus An-Tarraingteach ag formhór na gceantar, tá ceantar ann freisin ainmnithe mar 'Tírdhreach Scéimhe'.

Cuirfidh an fhorbairt bóthair feabhas áfach ar chaighdeán ginearálta na timpeallachta i mBaile Mhaigh Chromtha agus ar na lonnaíochtaí i mBaile Mhic Íre agus i mBaile Bhuirne mar go mbeidh laghdú ar an trácht trí na háiteanna seo.

Chuide sheans go gcuirfidh na hoibreacha bóthair i rith an lae as go mór do radharc 66 grúpa cónaithe. Ní bheidh aon tionchar nó fíorbheagán tionchar ag oscailt an fhorbairt bóthair ar fhormhór na ngrúpaí maoiné (249). Laghdófar an tionchar nuair a bheidh an phlandáil tírdhreacha atá beartaithe in áit.

Nuair a osclóidh an bóthar beidh tionchar ag soilse na scéime agus ag ceannsoilse feithiclí ar 68 grúpa maoiné. Laghdófar an tionchar seo freisin nuair a bheidh an phlandáil tírdhreacha atá beartaithe in áit.

3.6 Caigndeán agus Draenáil Uisce Dromchla

Tá caigndeán an-ard uisce ag roinnt gnéithe uisce dromchla laistigh den limistéar staidéir. Is iad na An Fhothrais, an Láinne, an Sulán, abha na Biochaille agus An Abha Gharbh na príomh uiscechúrsaí a gcuirfear as dóibh.

Is tionchair shealadacha is mó a bheidh in aon tionchar a bheidh ann ar uiscechúrsaí le linn na tógála. Is féidir tionchair ar chaighdeán uisce na bpríomhaibhneacha a laghdú ionas nach mbeidh mórán suntais sa tionchar iarmharach. Cuirfear bearta dochta maolaithe i bhfeidhm chun tionchar an chaighdeán uisce a rialú mar gheall ar atreorú An Abha Gharbh.

Beidh mionthionchar tairbheach ann ar chaighdeán an uisce mar thoradh ar an scéim. Tá seo amhlaidh mar nach bhfuil bearta ann chun sileadh ón N22 reatha a chóireáil agus toisc go mbeidh formhór na tráchta ag dul ar an bhforbairt bóthair ní bheidh an oiread truailléain ná riosca ann d'uiscechúrsaí an cheantair.

Tá staidéir riosca tuilte déanta ar na haibhneacha seo agus léiríonn siad nach gcuirfidh an forbairt bóthair aon athrú mór ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí tuilte faoi láthair sa cheantar. Beidh bearta dochta maolaithe ann i leith tionchar an chaighdeán uisce le linn tógáil an bhóthair agus feidhmiú na forbartha bóthair.

Ní bheidh aon athrú mór ar líon na dtuilte mar thoradh ar an scéim. Ní bheidh aon riosca breise tuilte ann d'aon mhaoin ná infreastruchtúr.

3.7 Éiceolaíocht (flóra, fána agus iascach)

Níl aon tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair ar aon suíomh ainmnithe – Limistéar Caomhantais Speisialta Choill N. Gobnait agus Limistéar Caomhantais Speisialta phréachán na gcearc (Mullach an Ois go dtí Sléibhte Muisire Mór).

Rangaíodh áiteanna suntasacha de ghnáthóga leathnádúrtha a haithníodh sa suirbhé allamuigh mar láithreáin Éiceolaíocha Inspéise (SEIs). Tá 24 SEI ann idir tábhacht áitiúil, tábhacht náisiúnta, luacháil meánach, íseal agus ard. Is é tionchar is mó na forbartha bóthair ná tábhacht idirnáisiúnta an *Cascade Wood Complex*. Tá tábhacht náisiúnta ag baint leis an Sulán, an Láinne, agus An Fhothrais mar go bhfuil bruachfhásra fiorthábhachtach orthu uilig. Bheadh tábhacht áitiúil le luacháil mheánach luaite le ceantar bogaigh Delta an Sulán ina bhfuil gnáthóga éanlaith uisce le coillearnach bruachánach agus duillsilteach. Bheadh tábhacht áitiúil le hardluacháil luaite le Coillearnaí Ghleann an Earraigh ina bhfuil gnáthóga leathnádúrtha le Dair Neamhghasánach.

Chomh maith le tionchair dhíreacha ó thaobh cailteanas gnáthóg agus ilroinnt ar ghnáthóga, tá seans ann go mbeidh tionchair indíreacha ann taobh amuigh den réimse talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Na tionchair indíreacha is mó a bheidh ann ar ghnéithe éiceolaíochta de bharr an fhorbairt bóthair atá beartaithe ná truailliú aer agus tionchair hideolaíochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair ag tionchair indíreacha hidrigeolaíochta ar cheantair fhliucha bogaigh taobh amuigh de réimse talún na forbartha bóthair sna ceantair seo.

Níl aon fhara go bhfios dúinn díreach laistigh den fhorbairt bóthair féin ach go bhféadfadh sé go bhfaighfí i gcrainn nó i bhfoirgnimh iad sula dtosóidh an tógáil. Tá an-tábhacht leis an limistéar staidéir do raon speiceas ialtóga, a áiríonn crú-ialtóga beaga agus seacht speiceas eile d'ialtóga. Cuirfear bearta i bhfeidhm do chosaint aon ialtóga a bheadh lonnaithe sna crainn agus i leith maolú ar chailteanas áiteanna lonnúcháin, gnáthóga foráiste agus bealaí eilite. Tá sé mar chuid de na moltaí tírdhreacha go ndéanfar plandú cútímh fál agus crann agus cuideoidh seo le bealaí eile eilite agus cothaithe a bheith ann in áit na gcinn a réabfar leis an mbóthar. Cuirfear suas boscaí faraí in áiteanna feiliúnacha mar chúiteamh ar shuímh lonnúcháin.

Speiceas eile mamach cosanta atá aitheanta sa chomharsanacht sea Broc; Madra Uisce; Fia Rua; Fia Seapánach; Gráinneog; Dallóg fhraoigh agus giorria sléibhe. I measc thionchair fhéideartha ar na speiceas mamach seo bheadh cailteanas gnáthóg; níos mó baol báis ar an mbóthar; ilroinnt gnáthóg; cailteanas ar phoill madra uisce, suímh fhéideartha poll madra uisce, áiseanna broimfhéir agus bia; díshocraíocht; agus tionchair a bhíonn ann de bharr meath ar chaighdeán uisce. Áirithe i measc na mbearta maolaithe don trí bhrocais broc a gcuirfear as go díreach dóibh tá eisiatacht brocas comhdhíngigh, soláthar íosbhealaí agus sábháil broc nuair is cuí. Tá lintéir agus droichid deartha agus tógtha ar bhealach nach

gcuireann aon bhac ar an madra uisce an sruthchúrsa atá ag rith faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe a thrasnú. Cuirtear fál fia agus madra uisce ar fáil leis na mamaigh seo a dhíspreagadh nó a chosc ó dhul amach ar an mbóthar.

Is iad an speiceas éanlaithe seo a leanas na cinn atá taifeadta i gcomharsanacht na forbartha bóthair agus a mbaineann ardchaomhnú leo: Préachán na gCearc; Meirliún; Pilibín, Crotach, Faileán Ceann Dubh agus Cruidín. Aon áit a bhfuil na héanlaithe seo, cuirfear bearta maolaithe feiliúnacha i bhfeidhm le tionchar ar líon na n-éanlaithe a sheachaint. Mar shampla, má chaitear fál réidh le nead cruidín, cuirfear nead saorga eile ina háit sa chomharsanacht.

Tá sé léirithe ag suirbhéanna go mbíonn roinnt mhaith den drúchtín ballach, atá faoi chosaint Eorpach, thart ar an *Cascade Wood* agus sa gcuid den fhorbairt bóthair atá ó thuaidh de Bhaile Bhuirne.

Le linn an phas tógála, beidh cailteanas nó tionchar díreach ar ghnáthóga uisce agus bruachánacha ag pointí trasnála sruthchúrsaí. Coinneofar luach éiceolaíochta agus iascaigh na sruthchúrsaí trí dhearadh íogair ar thrasbhealaí agus trí mhodheolaíochtaí tógála. Réiteoidh agus coinneoidh an Conraitheoir an Plean Oibriúcháin Comhshaoil de réir threoirlínte an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Déanfar an obair uilig i gcomhairle leis na Boird Iascaigh chuí ag áireamh Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt. Cuideoidh sé seo le tionchair shuntasacha comhshaoil a chosc, a bhainistiú agus/nó a laghdú le linn an phas tógála.

3.8 Oidhreacht Chultúrtha

Tá 12 suíomh taifeadta uilig ann a mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu. Tá trí cinn de shuíomh taifeadta (ráth AH 8 b'fhéidir, fulacht fiadh AH 12 agus cloch seasaimh AH 9) ann a mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair orthu. (B'fhéidir go mbeadh tionchar díreach freisin ar uaimh thalún).

Tá líne cloch lonnaithe i mbaile fearainn An Bhéilic (AH 34) agus ceaptar gur marc é ar chath ina raibh Brian Ború ann sa 10ú céad. Ní bheidh aon tionchar fisiciúil ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an líne cloch, deineadh tástáil seandálaíochta sa gceantar; níor thángthas ar aon ní a raibh tábhacht seandálaíochta leo.

Laistigh den cheantar in aice leis an bhforbairt bóthair, tá 2 shuíomh atá rangaithe mar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram Stáit (Caisleán Charraig an Phúca AH 21 agus ciorcal cloch AH 22). Tá an caisleán féin suite os cionn 200m ó dheas den bhealach agus tá an ciorcal cloch os cionn 150m ón mbealach atá beartaithe. Laghdófar chomh mór agus is féidir an tionchar ar thimpeallacht na suíomh seo le plandáil chuí tírdhreacha.

Le linn an mheasúnaithe seo, aithníodh Limistéir le Cumas Seandálaíochta agus Suímh le Cumas Seandálaíochta. Seo suímh agus limistéir nach bhfuil taifeadta ach atá aitheanta ag an bhfoireann measúnachta. Tá bearta maolaithe cuí molta do na suímh seo bunaithe ar an measúnú.

Tá suíomh luíocháin an IRA chaon taobh den N22 reatha laistigh de bhaile fearainn Chúil na Cathrach. Is lomáin charraigeacha don chuid is mó atá sa suíomh agus iad ag breathnú anuas ar an N22 reatha. Teagmhóidh an bealach atá beartaithe le ciumhais thiar an tsuímh, ag gabháil thar an taobh thiar den séadchomhartha a bhí curtha suas mar chomóradh ar an gcath agus seachnóidh sé an príomháit gníomhaíochta. Chun drochthionchar an bhóthair ar an suíomh a laghdú, tá sé molta go ndéanfaí suirbhé iomlán brathadóir miotail i gceantar an luíocháin, maraon le suirbhé topagrafach, chun na lomáin éagsúla a mhapáil. Ba chóir an suirbhé brathadóir miotail a dhéanamh faoi cheadúnas chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, i gcomhairle le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus le seandálaí an Tionscnaimh.

Tá 35 suíomh Oidhreacht Thógtha lonnaithe nó páirtlonnaithe taobh istigh de OCÉ atá beartaithe don bhealach. Níl aon cheann de na suímh seo atá faoi thionchar díreach liostaithe i dTaifead na Struchtúr Cosanta do Chontae Chorcaí ná níl cosaint reachtúil acu.

Glacfar le bearta maolaithe, sa phas réamhthógála agus sa phas tógála, faoi threoir Aonad Comhairleach Seandálaíochta na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht

agus Rialtais Áitiúil, de réir treoir náisiúnta polasaí agus soláthar reachtúil do chosaint na hoidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus cultúrtha.

3.9 Caighdeán Aeir

Is é an dusta an tionchar is mó a bheidh ann ar chaighdeán an aeir le linn na tógála. Tá na gníomhaíochtaí tógála rangaithe mar ollghníomhaíochtaí agus tá 211 áitreabh aitheanta taobh istigh de 100m den fhorbairt bóthair a bhféadfadh tionchar dusta cur as dóibh, cheal bearta maolaithe. Beidh aon tionchar caighdeán aeir le linn na tógála teoranta go dtí an t-achar ama a thógfaidh sé aon phíosa bóthair a dhéanamh.

Ní dóighe go mbeidh aon mhórlaghdú ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallach mar gheall ar astaíochtaí ó fheithiclí troma a bheidh in úsáid don obair thógála.

Ní bheidh aon mhórtionchar ar chaighdeán an aeir mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tá na leibhéil uilig taobh istigh de na caighdeáin atá leagtha sna Rialacháin um Chaighdeáin Cáilíocht Aeir. Beidh feabhas ar chaighdeán an aeir do chuid mhaith áitreabh mar go mbeidh trácht ag imeacht den N22 reatha go dtí an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Ina iomláine mar sin feicfeadh feabhas ar chaighdeán an aeir tar éis forbairt na forbartha bóthair.

3.10 Torann agus Creathadh

Tá sé léirithe ag suirbhéanna monatóireachta bunlíne go mbeidh leibhéil arda torainn ag cur as faoi láthair do na háitribh atá le taobh an N22 reatha. Seo mar gheall ar chomh gar agus atá siad don bhóthar agus don sreabhadh tráchta. Beidh formhór na tráchta atá anois ar an N22 reatha ag úsáid an bhóthair nua atá beartaithe rud a bheidh ina bhuntáiste do na háitribh seo.

Beidh treoirínte cuí leagtha síos don torann tógála agus beidh bearta maolaithe i bhfeidhm mar atá sonraithe sa Phlean Oibriúcháin Comhshaoil (ar nós roghnú gléasra cuí, céimniú gníomhaíochtaí tógála, sciatha agus imfhálú timpeall ar ghníomhaíochtaí torainn, srianta ar uaireanta oibre rle). Tionchar sealadach a bheidh anseo mar gheall ar an gcineál oibre atá i gceist.

B'fhéidir go mbeidh gá roinnt pléascáin a úsáid le linn an phróisis tochairte/tógála ach braitheann sin ar an gcineál talún atá ann. Beidh creathadh i gceist má úsáidtear na pléascáin. Tá roinnt áitreabh íogair tugtha chun aitheantais agus déanfar suirbhé orthu sula dtosófar ar an mbóthar.

Beidh gá le laghdú torainn i gcás 16 teach cónaithe. Bunaithe ar dheardh reatha an bhóthair agus ar na bearta maolaithe torainn a úsáidfeadh beidh 2 áitreabh faoi réir leibhéil níos airde torainn ná mar atá leagtha síos ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta do scéimeanna náisiúnta bóithre. Maidir leis na 162 áitreabh atá scrúdaithe, raghaidh an scéim chun sochair do 98 acu sa mhéid go mbeidh laghdú torainn acu.

3.11 Talamhúsáid Neamhthalmhaíochta agus Conláistí

Níl gá an oiread áitreabh a leagan mar gheall ar an Réamhdhearadh.

Caithfeadh áitreabh tréigthe amháin a leagan áfach agus áitreabh talmhaíochta neamhchónaithe eile a bhí á úsáid do stóráil, rud a bheidh tionchar measartha mar thoradh air. Is drochthionchar mór a bheidh ann má bhíonn gá maoin áirithe a leagan.

Beidh drochthionchar meánach ann i gcás 6 áitreabh cónaithe, agus drochthionchar bheaga i gcás 35 áitreabh cónaithe. Sa Réamhdhearadh táthar go mór ag seachaint tógáil talún ó áitribh thráchtála. Níl ach clós amháin a úsáideann comhlacht iompair a thiocfaidh faoi thionchar na forbartha bóthair. Ní chuirfeadh as d'áiseanna pobail, caitheamh aimsire ná conláistí.

Beidh ceithre bhóthar áitiúil eadarscartha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ach cuirfeadh bealaí eile ar fáil.

Coinneofar rochtain isteach chuig áitribh le linn an phas tógála. Beifear i gcomhairle le húinéirí talún agus cuirfeadh ar an eolas iad faoin am a bheidh an

obair ar siúl. Beidh Plean Bainistíochta Tógála agus Plean Oibriúcháin Comhshaoil in áit don obair agus do na céimeanna tógála lena chinntiú nach gcuirtear as rómhór don trácht ar na bóithre.

Nuair a chuireann an Réamhdhearadh as don rochtain ó bhóithre poiblí chuig áitribh chónaithe, socrófar bealaí rochtana eile ag áiteanna cuí.

Ar an iomlán is drochthionchar beag a bheidh ann i gcás úsáid talún neamhthalmhaíochta agus áiseanna.

3.12 Geolaíocht

Breathnaíodh ar gheolaíocht, ar choinníollacha ithreach agus ar thimpeallacht geochomhshaoil na dteorann mórbhealaigh agus an limistéir staidéir atá ann.

Níl aon suíomh aitheanta le hoidhreacht fhéideartha geolaíochta ná limistéir chosanta geolaíochta i gcomharsanacht an bhealaigh. Tá roinnt foinsí féideartha truaillithe laistigh den limistéir staidéir. Áiríonn siad seo an tiar-líonadh talún ag Shanakill atá suite soir ó dheas de Mhaigh Chromtha le hais an N22 reatha agus Teilgcheárta Iarainn Mhaigh Chromtha a bhí lonnaithe ar chúl Mhuileann An Bhéillic.

Is luach íseal atá leagtha ar mhórluach timpeallachta (íogaireachta) na dtréithe éagsúla geolaíochta atá laistigh den limistéir staidéir agus feictear go bhfuil méid an tionchair nó an méid athrú a dhéanfaidh an fhorbairt bóthair ar na tréithe 'neamhthábhachtach'. Ceaptar go bhfuil mórshuntas na forbartha bóthair ar an ngeolaíocht neodrach.

3.13 Hidrigeolaíocht

Tionchar diúltach ar an iomlán a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na coinníollacha áitiúla screamhuisce. D'fhéadfadh go dtiocfadh drochthionchair ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn bheith ag tógáil bóithre gearrtha, ó oibreacha sealadacha dí-uisciúcháin, dearadh draenála agus ó thruailliú le linn na tógála. Ach toisc nach bhfuil uisciúch buncharraige ina aonad príomhuisciúch in Éirinn, d'fhéadfaí cur suas le tionchair bheaga áitiúla chomh fada agus go bhfuil na tionchair fhuílligh ar na gabhdáin screamhuisce laghdaithe. Cé go bhféadfadh cuid mhaith gnéithe den fhorbairt bóthair cur isteach ar an gcaighdeán screamhuisce, is féidir seo a mhaolú ach úsáid a bhaint as bearta rialaithe cuí don truailliú.

3.14 Idirghaol

D'fhéadfadh aon mhórfhorbairt ó thaobh scála nó tíreolaíocht cur isteach ar raon mór fachtóirí timpeallachta, agus bíonn idirghaol idir cuid mhaith acu. I gcás na forbartha bóthair, bíonn cuid mhaith idirghníomhaíochtaí idir na réimsí éagsúla ábhar. Tá na hidirghníomhaíochtaí seo nasctha isteach sna bearta maolaithe.

3.15 Gealltanais Maolaithe

Le linn phróiseas an MTT forbraítear cuid mhaith bearta maolaithe chun tionchair fhéideartha le linn na tógála agus feidhmiú na forbartha bóthair a laghdú. Clúdaíonn na bearta maolaithe na réimsí ábhar uilig atá pléite thuas. Baineann an maolú le hiniúchadh breise le linn an staid Miondearaidh, le scrúduithe éiceolaíochta díreach roimh an phas tógála, le riachtanais chosanta, le bearta do rialú dusta le linn na tógála, agus le maolú ar nós tírdhreachú agus draenáil d'fheidhmiú na forbartha bóthair.

3.16 Achoimre

Go hiondúil, bíonn sé cinntithe ag próiseas an Mheasúnú Tionchar Timpeallachta nach mbeidh aon mhórtionchar diúltach ag an bhforbairt bóthair ar an timpeallacht reatha. Nuair a thugtar mórtionchair fhéideartha chun aitheantais, glacfar bearta maolaithe cuí chun drochthionchair a laghdú nó a chosc. Déanfar forbairt bhreise ar bhearta maolaithe agus críochnófar iad mar chuid den staid Miondearadh.

4 An Bealach Chun Cinn

4.1 Agóidí agus an Éisteacht Bhéil

Déanfar iarratas do cheadú na forbartha beartaithe chuig An mBord Pleanála faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú ag an Acht Pleanála agus Forbartha 2000).

Is féidir aighneachtaí scríofa a dhéanamh chuig An mBord Pleanála agus caithfidh agóidí a bheith déanta laistigh de 6 seachtaine ó dháta foilsithe an RTT agus OCÉ. Caithfidh an Bord breathnú ar an RTT agus ar aon aighneachtaí a tháinig isteach sula ndéanfaidh siad cinneadh ar cheart an fhorbairt bóthair atá beartaithe a ligean chun cinn. Chomh maith leis sin, má bhíonn éisteacht bhéil ann caithfidh an Bord aird a thabhairt ar thuairisc agus ar aon mholadh a dhéanann an Iniúchóir atá i mbun na héisteachta béil.

4.2 Eolas Breise

Má theastaíonn eolas breise uait faoin tionscadal téigh i dteagmháil le hInnealtóir an N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha ag:

Comhairle Contae Chorcaí,
Oifig na mBóithre Náisiúnta,
Gleann Maghair,
Corcaigh.
Teil: 021 4821046

Má theastaíonn eolas breise uait faoin gcaoi le hAgóid a dhéanamh nó eolas faoin éisteacht bhéil, téigh i dteagmháil leis An mBord Pleanála ag:


64 Sráid Marlborough,
Baile Átha Cliath 1.
Fón: 1890 275 175 (Íosghlao) nó (01) 858 8100
Facs: (01) 872 2684
r-phost: bord@pleanala.ie

4.3 Ag Breathnú ar an RTT

Beidh cóipeanna den Ráiteas Tionchar Timpeallachta ar fáil in ionaid áitiúla agus fógrófar é seo go háitiúil. Beidh an RTT ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Chorcaí.

Is féidir cóipeanna crua den Ráiteas Tionchar Timpeallachta agus den Achoimre Neamhtheicniúil a cheannach ar €120 agus €5 faoi seach agus an péire le chéile ar CD a fháil ar €5 ó:

Innealtóir Tionscnaimh an N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha
Comhairle Contae Chorcaí
Oifig na mBóithre Náisiúnta
Gleann Maghair
Corcaigh



McCarthy Hyder Consultants
 In association with P.J. Toim & Co. Ltd.
 CONSULTING ENGINEERS

McCarthy Hyder
 CONSULTING ENGINEERS

McCarthy Office Park, Malpas Avenue, Malpas, Limerick, Co. L.
 Tel: +353 (0)1 231 0000 Fax: +353 (0)1 2302921

DATE: 15/05/2014
 SCALE: 1:25000
 T4

N22 DAILE BHUIRNE - MACROOM
(BAILE BHUIRNE TO COOLCLOYER)

FIGURE 1.1
 LOCATION PLAN

DATE	BY	REVISION
11/05/14	SP/TL	FINAL ISSUE
13/05/14	CF/PL	FOR TENDERS
14/05/14	CF/PL	FOR TENDERS

NRA
 National Roads Authority

VNDP
 National Development Plan - 2007-2013

CORK COUNTY COUNCIL
 County Hall
 Cork

West Cork Area Strategic Development
 County Transport Plan

Department of Transport
 Air Route Network

transpact121
 progress in motion

PROPOSED SCHEME

PERMANENT FENCING